2026/2172

29.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2026/2172 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meán Fómhair 2026

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó [1], agus go háirithe Airteagal 6 agus Airteagal 7(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES.

(2) An 14 Iúil 2026, chuir an Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó CSNA seisear agus dhá eintiteas le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha. Tá ceathrar de na daoine sin agus ceann amháin de na heintitis sin liostaithe cheana féin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a bhaint d'Iarscríbhinn II agus iad a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(2) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

[1] IO L 336, 21.12.2010, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/788/oj.

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach faoin gceannteideal '(a) Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 3(1)':

'47. Charles SEMATAMA

(ar a dtugtar freisin: Sebanyana)

Ainmniúchán: (a) Coirnéal; (b) Ceannasaí agus ceannaire míleata Twirwaneho.

Dáta Breithe: 1975.

Áit bhreithe: Kalunyo Village, Kamombo Localities, South Kivu, Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Seoladh: Hauts Plateaux, South Kivu, Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Inscne: fireann.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 14 Iúil 2026.

Faisnéis eile: Is é Charles SEMATAMA ceannasaí agus ceannaire míleata Twirwaneho, grúpa armtha Congólach a bhfuil baint aige le hainghníomhartha i gcúige Kivu Theas i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, lena n-áirítear sibhialtaigh a mharú, leanaí a earcú agus gníomhaíochtaí a chuireann síocháin agus slándáil mhuintir Phoblacht Dhaonlathach an Chongó i mbaol. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals.

48. Gustave KUBWAYO

(ar a dtugtar freisin: (a) Sirkoof; (b) Surcouf; (c) Surkof)

Ainmniúchán: (a) Coirnéal; (b) Ceannasaí FDLR-FOCA.

Dáta Breithe: 1969.

Áit bhreithe: (a) Karago municipality, Gisenyi prefecture, Ruanda; (b) Nyabihu District, Western province, Ruanda.

Náisiúntacht: Ruanda.

Seoladh: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Inscne: fireann.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 14 Iúil 2026.

Faisnéis eile: Mar dhuine de na príomhcheannasaithe ar Democratic Forces for the Liberation of Rwanda "Forces Combattantes Abacunguzi" (FDLR-FOCA) agus mar cheannasaí nua "Commando de Recherche et d'Action en Profondeur" (CRAP), tá baint ag Gustave KUBWAYO, ar a dtugtar freisin Sirkoof, le gníomhaíochtaí an ghrúpa armtha a phleanáil, a chur chun cinn agus tacú leo, lena n-áirítear díriú ar shibhialtaigh, fuadach i gcomhair airgead fuascailte agus acmhainní nádúrtha a shaothrú go neamhdhleathach. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals.

49. Corneille NANGAA YOBELUO

(ar a dtugtar freisin: (a) Corneille Nangaa; (b) Corneille Yobeluo)

Ainmniúchán: Ceannaire Alliance Fleuve Congo (AFC).

Dáta Breithe: an 9 Iúil 1970.

Áit bhreithe: Bagboya, Haut-Uele, Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Pasuimhir: (a) Poblacht Dhaonlathach an Chongó darb uimhir OP1097934; (b) Poblacht Dhaonlathach an Chongó darb uimhir DP0000149; (c) Poblacht Dhaonlathach an Chongó darb uimhir DP0003850.

Seoladh: (a) Boulevard Biangala, No. 36 Q, Salongo Sud C, Lemba, Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó; (b) North Kivu, Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Inscne: fireann.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 14 Iúil 2026.

Faisnéis eile: Is é Corneille NANGAA YOBELUO ceannaire "Alliance Fleuve Congo" (AFC), gluaiseacht pholaitiúil-mhíleata atá mar chomhghuaillí ag March 23 Movement/Congolese Revolutionary Army (M23/ARC) atá faoi smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe (CDe.006). Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals.

50. John Imani NZENZE

Ainmniúchán: (a) Coirnéal; (b) ceann faisnéise M23.

Dáta Breithe: an 6 Lúnasa 1978.

Náisiúntacht: (a) Poblacht Dhaonlathach an Chongó; (b) Ruanda.

Pasuimhir: (a) Poblacht Dhaonlathach an Chongó darb uimhir OP0204168, a rachaidh in éag an 5 Iúil 2022; (b) Poblacht Dhaonlathach an Chongó darb uimhir OB0072391, a rachaidh in éag an 28 Nollaig 2014.

Uimhir Aitheantais Náisiúnta: Ruanda darb uimhir 1 1978 8 0137555 3 27.

Seoladh: North Kivu, Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Inscne: fireann.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 14 Iúil 2026.

Faisnéis eile: Mar cheannaire M23, tá baint ag John Imani Nzenze le gníomhaíochtaí an ghrúpa armtha a phleanáil, a chur chun cinn agus tacú leo. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals.';

(2) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach faoin gceannteideal ‘(b) Liosta na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 3(1)’:

‘11. ALLIANCE FLEUVE CONGO (AFC)

Seoladh: oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 14 Iúil 2026.

Faisnéis eile: Is gluaiseacht pholaitiúil-mhíleata é Alliance Fleuve Congo (AFC) a oibríonn in oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus atá mar chomhghuaillí ag March 23 Movement/Congolese Revolutionary Army (M23/ARC) atá faoi smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe. Bunaíodh in 2023 é. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Entities.’.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) sa Roinn 'A. Daoine', scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine seo a leanas:

'20. Charles SEMATAMA;

30. Gustave KUBWAYO;

35. Corneille NANGAA YOBELUO;

39. John Imani NZENZE';

(2) sa Roinn 'B. Eintitis', scriostar an iontráil maidir leis an eintiteas seo a leanas:

'1. Alliance Fleuve Congo (AFC)'.